C/2025/6581

10.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6581)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Ribeiras do Morrazo'

Uimhir thagartha AE: PGI-ES-02238-AM01 - 16.9.2025

1. **Ainm an táirge**

'Ribeiras do Morrazo'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia. Ard-Stiúrthóireacht um Bia. Fo-Ardstiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agraibhia.

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann an t-údarás inniúil gur leasú caighdeánach é an leasú sin ar shonraíocht táirge TGFC Ribeiras do Morrazo; ní féidir é a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé d'aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha. Go sonrach, níl an méid seo a leanas i gceist leis: níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach; níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní; níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

7.1. *Athruithe ar thuairisc na bhfíonta*

Tuairisc

Laghdaíodh neart alcóil íosta agus neart alcóil iomlán na bhfíonta geala ó 11,5 % go 11 %.

Tháinig méadú ar an aigéadacht luaineach uasta ó 17,9 meq/l go 18 meq/l le haghaidh na bhfíonta geala agus 20 meq/l le haghaidh na bhfíonta dearga.

Cuireadh feabhas ar thuairisc orgánaileipteach na bhfíonta.

Leasaíodh pointe 2 den tsonraíocht táirge agus pointe 6 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7.2. *Athruithe ar an táirgeacht eastósctha*

Tuairisc

Méadaíodh an teorainn táirgeachta eastósctha ó 68 lítear go 70 lítear in aghaidh 100 kg d'fhíonchaora le haghaidh cineálacha geala, agus 72 lítear in aghaidh 100 kg d'fhíonchaora le haghaidh cineálacha dearga.

Leasaíodh pointe 3 den tsonraíocht táirge agus pointe 7 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7.3. *Athruithe ar an limistéar críochaithe*

Tuairisc

Baineadh an fhoráil lena sriantar talamh oiriúnach do limistéir faoi bhun 300 méadar in airde laistigh den limistéar críochaithe.

Leasaíodh pointe 4 den tsonraíocht táirge agus pointe 9 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7.4. *Athruithe ar an táirgeacht táirgthe*

Tuairisc

Méadaíodh an teorainn ar tháirgeacht táirgthe in aghaidh an heicteáir ó 10 000 go 12 000 kg/ha le haghaidh na gcineálacha geala (ó 68 go 84 hl/ha); agus ó 8 000 go 10 000 kg/ha i gcás na gcineálacha dearga (ó 54,4 go 72 hl/ha).

Leasaíodh pointe 5 den tsonraíocht táirge agus pointe 7.2 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7.5. *Feabhsuithe a dhréachtú*

Tuairisc

Tagairtí reachtacha a thabhairt cothrom le dáta; feabhsuithe a dhréachtú; agus ainm agus sonraí teagmhála an chomhlachta rialúcháin inniúil a thabhairt cothrom le dáta.

Baineann an leasú seo le pointí 2, 7, 8 agus 9 den tsonraíocht táirge. Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Ribeiras do Morrazo'

Uimhir thagartha AE: PGI-ES-02238-AM01 - 16.9.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Ribeiras do Morrazo'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Spáinn

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

FÍON GEAL

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glan agus geal.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe diana agus dea-bholaithe príomhúla inbhraite go soiléir.

Blas

Bíonn na fíonta úr agus mín sa bhéal. Bíonn an neart alcóil measartha go ginearálta, agus bíonn aigéadacht chothrom aige agus iarbhlas torthaíoch air.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11
Aigéadacht iomlán íosta:	5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	200

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON DEARG

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glan agus geal.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe diana agus dea-bholaithe príomhúla inbhraite go soiléir.

Blas

Bíonn na fíonta úr agus mín sa bhéal. Bíonn an neart alcóil measartha go ginearálta, agus bíonn aigéadacht chothrom aige agus iarbhlas torthaíoch air.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10
Aigéadacht iomlán íosta:	5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

-

An cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Tuairisc

Ní mór na fíonchaora a bhuain trí úsáid a bhaint as cliathbhoscaí buainte nó as coimeádáin eile arna n-údarú ag an údarás inniúil.

Cleachtas fíoneolaíoch

-

An cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Is é 70 lítear an uastáirgeacht fíona in aghaidh gach 100 kg d'fhíonchaora le haghaidh na gcineálacha fíonchaor geal, agus 72 lítear in aghaidh gach 100 kg d'fhíonchaora le haghaidh na gcineálacha dearga.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál

Cineálacha fíonchaor geal

Uastáirgeacht:	12 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Cineálacha fíonchaor geal

Uastáirgeacht:	84
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíonchaor dearg

Uastáirgeacht:	10 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíonchaor dearg

Uastáirgeacht:	72
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíniúna óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— ALBARÍN BLANCO - BRANCO LEXÍTIMO

— ALBARIÑO

— BRANCELLAO

— CAÍÑO BLANCO

— CAÍÑO TINTO

— ESPADEIRO - TORNEIRO

— GODELLO

— LOUREIRA

— LOUREIRO TINTO

— MENCÍA

— PEDRAL

— SOUSÓN

— TORRONTÉS

— TREIXADURA

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsíonn sé an talamh atá oiriúnach do tháirgeadh fíonchaor laistigh de bhardais Bueu, Cangas, Marín, Moaña, Poio, Pontevedra, Redondela agus Vilaboa.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas:

☐ Clú

☐ Cáilíocht áirithe

☑ Saintréithe eile

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Tá aeráid mhuirí thais sa limistéar, le 2 100 uair an chloig gréine in aghaidh na bliana, teochtaí séimhe agus raon teochta cúng (idir 7,3 °C agus 25,7 °C) le linn an tséasúir fáis, bíonn teochtaí arda ann le linn an gheimhridh, ní bhíonn sioc ann beagnach riamh, agus bíonn frasaíocht idir 1 300 agus 1 800 mm ann. Tá an limistéar cosanta ag roinnt foirmíochtaí sléibhe, as a dtagann laghdú ar bháisteach an tsamhraidh. Cruthaíonn sé sin, in éineacht le teochtaí measartha ard an tsamhraidh, leibhéil arda imghalúcháin. Mar thoradh air sin, bíonn tionchar suntasach ag an Meánmhuir ag an am sin den bhliain, le meánteocht thart ar 18 °C. Is léir go bhfuil sé sin fabhrach do shaothrú fíniúnacha.

Is limistéar cósta é, ina saothraítear fíniúnacha ar thailte cnocacha, le fánaí míne agus gnéithe foscúla, atá suite beagnach i gcónaí níos lú ná 150 m os cionn leibhéal na mara. Tá an chuid is mó de na hithreacha measartha aigéadach agus tréscaoilteach, a bhfuil cumas íseal coinneála uisce agus ábhar orgánach teoranta ann ina gciseal uachtarach. Tá na hithreacha ársa den chuid is mó, le doimhneacht leordhóthanach, agus tá siad dea-théite ag solas na gréine. Fágann sé sin go bhfuil siad oiriúnach lena bhfás. Is lomáin eibhir ón tréimhse Heircíneach agus carraigeacha dríodair atá beagán meiteamorfach atá sa tsubstráit litieolaíoch den chuid is mó. Tá méid measartha d'ábhar garbh ann, rud a fhágann go bhfuil na hithreacha an-tréscaoilteach agus éasca le hoibriú. Is iad na cineálacha ithreach is coitianta ná ithreacha dúrabháin gainmheacha nó ithreacha dúrabháin, ina bhfuil uigeacht éadrom, draenáil mhaith agus aerú optamach. Ina theannta sin, tá na hithreacha sin scaoilte agus beagán aigéadach, go háirithe ar fhánaí éadoimhne. Fágann sé sin go bhfuil siad oiriúnach chun fíonchaora ar ardchaighdeán a bhaint amach.

Tá na fíonta úr, agus tá neart alcóil cothrom acu. Tá toin órbhuí ghléineacha ag na fíonta geala, chomh maith le dea-bholaithe suntasacha bláthanna agus torthaí orthu. Bíonn siad éadrom agus úr sa bhéal, le hacmhainneacht mhaith aramatach agus bíonn iarbhlas de ruainníní citris orthu. Bíonn déine datha mheasartha ag na fíonta dearga, le toin chaordhearga agus beagán corcairghorm. Bíonn struchtúr meánach acu agus téann siad go réidh tríd an mbéal, bíonn dea-bholaithe de thorthaí dearga agus fiáine orthu, agus iarbhlas beagán tainneach orthu.

Is léiriú soiléir iad na fíonta ar éifeachtaí na teochta, na báistí agus na ndálaí agranamaíocha, ar cheart éifeachtaí na gné daonna a chur leo. Is féidir é sin a fheiceáil sna cineálacha dea-oiriúnacha a úsáidtear (ar cineálacha dúchasacha iad uile a oireann don chomhshaol seo), fíniúnacha a chur i limistéir dea-nochta ina bhfuil ithreacha te agus tréscaoilteacha nó i ndálaí uathúla, amhail ithreacha gainmheacha agus duimhche nó fánaí carraige eibhir ar saintréithe den limistéar geografach sin iad. Is gnách go gcruthaíonn na córais thraidisiúnta le haghaidh traenála agus prúnála fíonghoirt ard-dlúis agus íseal-phrúnáilte, rud a nochtann na fíniúnacha ar bhealach níos fearr do thionchair na farraige. Is é an toradh a bhíonn ar na dálaí sin uile fíonta cothrom comhchuí a choinníonn go maith agus a bhfuil próifíl aramatach shármhaith acu.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais /an mhaolaithe

BUIDÉALÚ

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais / maolaithe breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas / maolú

Ní mór na fíonta a tháirgeadh agus a chur i mbuidéil sa limistéar geografach táirgeachta críochaithe. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh iompar agus buidéalú an fhíona lasmuigh den limistéar fíonóireachta a cháilíocht i mbaol, mar gheall go bhféadfadh ocsaídiúcháin agus dí-ocsaídiúcháin, éagsúlacht teochta agus tionchair eile difear a dhéanamh dó. Dá fhaide a thaistealaíonn an fíon, is ea is mó an riosca. Trí bhuidéalú a dhéanamh sa limistéar tionscnaimh is féidir saintréithe agus cáilíocht an fhíona a chaomhnú. Mar gheall air sin, in éineacht leis an taithí agus an t-eolas domhain ar cháilíochtaí ar leith na bhfíonta, arna gcur le chéile thar na blianta ag táirgeoirí áitiúla, is gá na fíonta a chur i mbuidéil sa limistéar tionscnaimh, ag caomhnú a dtréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha uile.

Teideal an cheanglais /an mhaolaithe

LIPÉADÚ

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais / maolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas / maolú

Ní mór lipéad deimhnithe uimhrithe a bheith ar na buidéil uile, arna sholáthar ag an údarás rialaithe, agus ní mór é a ghreamú agus na buidéil fós san fhíonlann. Caithfidh lógó an táisc gheografaigh a bheith ar an lipéad sin.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://agacal.xunta.gal/sites/default/files/calidade-alimentaria/vinos/Pliego-Condiciones-IGP-Ribeiras-do-Morrazo-Julio-2025_ES.pdf